Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2024
(OR. en)

8143/24
PV CONS 13
ECOFIN 352

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

12 Márta 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7178/1/24 REV 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**Liosta na ngníomhaíochtaí neamhreachtacha** 7180/1/24 REV 1

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena ghlacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

## Plé reachtach
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair** 7039/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an obair leanúnach ar thograí reachtacha i ndáil le seirbhísí airgeadais.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

4. Infheistíochtaí sóisialta agus athchóirithe do gheilleagair athléimneacha[1] 7163/24
*Díospóireacht bheartais*

5. Cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta
*Staid na himeartha*

6. Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin
*Seisiún tuairimíochta*

7. Obair leantach ar chruinniú Airí Airgeadais agus Ghobharnóirí Bainc Ceannais G20 an 28-29 Feabhra 2024 7223/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

8. Buiséad an Aontais Eorpaigh: moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (*) 6179/24 + ADD 1-2
(Bunús dlí: Airteagal 319 CFAE)
*Glacadh*

---

[1] Seisiún na n-airí atá freagrach as fostaíocht agus gnóthaí sóisialta ar an láthair go heisceachtúil

| | | |
|---|---|---|
| 9. | Buiséad an Aontais Eorpaigh: conclúidí maidir leis na treoirlínte buiséid do 2025<br>*Formheas* | 6178/24<br>+ ADD 1 REV 1 |
| 10. | Aon ghnó eile<br>An staid mar atá maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta le haghaidh seirbhísí airgeadais<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | |

---

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith